# Bás Eddie Jordan

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhás Eddie Jordan, laoch Fhoirmle a hAon. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cad atá ar eolas agat faoi Fhoirmle a hAon?

   Féach ar an bhfíseán anseo chun eolas a fháil faoi Fhoirmle a hAon.

2. Cad atá ar eolas agat faoi Eddie Jordan?
3. Ar mhaith leat féin a bheith i do thiománaí rásaíochta carranna? Cén fáth?
4. Cad a cheapann tú faoi mhótarspórt go ginearálta?
5. An bhfuair aon duine cáiliúil, a raibh meas mór agat orthu, bás ar na mallaibh? Cé? Cén fáth a raibh meas agat orthu?



# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *former owner* | |
| b) *succeeded, managed to* | |
| c) *fame* | |
| d) *karting* | |
| e) *calibre, character* | |
| f) *four times* | |
| g) *the memory* | |
| h) *broadcaster* | |
| i) *pundit* | |
| j) *entrepreneur* | |
| k) *prostate cancer* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ____________________________________________________________

3. Scríobh an aois seo i bhfigiúirí: sé bliana déag le cois na dtrí scór: ______________________

4. Baintear úsáid as focail agus as frásaí faoi leith agus muid ag caint faoi bhás duine. Cén Ghaeilge atá ar na cinn seo a bheidh le cloisteáil sa mhír ar ball?

| | |
|---|---|
| *has died* | |
| *he passed away* | |
| *he leaves behind his wife and four children* | |

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

| |
|---|
| 1. Cén bhliain agus cén áit ar rugadh Eddie Jordan? |
| |
| 2. Cathain agus conas a bhain sé clú agus cáil amach in Éirinn? |
| |
| 3. Cén chonair ghairme a bhí ag Eddie Jordan sular bhunaigh sé *Eddie Jordan Racing*? |
| |
| 4. Cad a fhoghlaimímid faoin bhfoireann *Eddie Jordan Racing* ó Elaine Ní Shé? |
| |
| 5. Cén fáth ar luadh Michael Schumacher sa mhír? |
| |
| 6. Cén chonair ghairme a bhí ag Eddie Jordan tar éis *Jordan Grand Prix*? |
| |
| 7. Cad iad na sonraí a fhoghlaimímid faoi bhás Eddie Jordan? |
| |





# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an briathar 'bí' vs. an chopail san aimsir chaite)

a) Féach ar na bealaí éagsúla chun *he was a broadcaster* a rá. Aistrigh gach abairt eile sa tábla trí huaire. Tabhair faoi deara go bhfuil dhá bhealach ann chun an chopail a úsáid san aimsir chaite.

| **Béarla** | **An briathar 'bí'** | **An chopail – Ba** | **chopail – ab ea** |
|---|---|---|---|
| *He was a broadcaster.* | Bhí sé ina chraoltóir. | Ba chraoltóir é. | Craoltóir ab ea é. |
| *He was a pundit.* | | | |
| *He was an entrepreneur.* | | | |
| *She was a teacher.* | | | |
| *She was an actress.* | | | |
| *They were waiters.* | | | |
| *He was a good child.* | | | |
| *They were builders.* | | | |
| *She was a student.* | | | |

## 2: Saibhreas teanga (réamhfhocail chomhshuite + tuiseal ginideach)

a) Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach tar éis réamhfhocail chomhshuite sa mhír. Cuir an fhoirm cheart de gach focal atá idir lúibíní sna bearnaí.

le cois (na trí scór) _______________ i mbun (aicsean) _______________

le linn (an tréimhse) _______________ i mbun (rásaíocht) _______________

ar fud (an domhan) _______________ ar shlí (an fhírinne) _______________

b) Cuir na réamhfhocail chomhshuite seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

| | |
|---|---|
| ar feadh | |
| i gceann | |
| i rith | |
| os comhair | |
| le haghaidh | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint – ag déanamh comhbhrón le duine

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo a leanas:

a) Samhlaígí gurb é Eddie Jordan seanathair cara libh agus go bhfuair sé bás le déanaí. Ba mhaith libh glaoch a chur ar bhur gcara ar ball le comhbhrón a dhéanamh. Déanaigí machnamh le chéile ar na bealaí is fearr chun bhur gcomhbhrón a chur in iúl. Ba cheart smaoineamh ar na nithe seo a leanas agus sibh ag déanamh comhbhrón le duine:

- ✓ Abair gur chuala tú go bhfuair an duine bás – 'B'oth liom a chloisteáil …'
- ✓ Léirigh comhbhá – 'Déanaim comhbhrón ó chroí leat …'
- ✓ Labhair faoin duine – 'Ba laoch mór spóirt é …'
- ✓ Tabhair tacaíocht – 'Ná bíodh aon leisce ort glaoch a chur orm …'
- ✓ Cuir deireadh tuisceanach leis an gcomhrá – 'Táimid ag cuimhneamh ort …'

b) Féachaigí ar na nathanna thíos a úsáidtear go minic chun comhbhrón a dhéanamh le duine. An bhfuil aon cheann eile agaibh féin?

Ní maith liom do thrioblóid.
Grásta ó Dhia ar a anam.
Beannacht Dé lena anam.



## 2: Scríobh

Scríobh cárta comhbhróin chuig do chara anois.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

# AN SCRIPT

**Eibhlín Ni Choistealbha**

Tá iar-úinéir ar an bhFoirmle a hAon, Eddie Jordan, tar éis bháis. Bhí sé sé bliana déag le cois na dtrí scór. Cailleadh Eddie Jordan ag baile san Afraic Theas. Rugadh Eddie Jordan i mBaile Átha Cliath in 1948 agus bhain sé cáil amach dó féin i mótarspórt na hÉireann sna 70idí. Bhunaigh sé an fhoireann *Jordan Grand Prix*, foireann a bhí i mbun aicsin ó 1991 go dtí 2005. Le linn na tréimhse sin, bhí *Jordan Grand Prix* i mbun rásaíochta in 250 rás ar fad sa chomórtas, Fhoirmle a hAon agus d'éirigh leis an bhfoireann ceithre theideal ar fad a bhuachtaint[1].

**Elaine Ní Shé, Comh-Thiománaí Railí agus Láithreoir Teilifíse**

Laoch dár saol sa saol spóirt, Foirmle a hAon. Bhí clú agus cáil ar Eddie ar fud an domhain, aithne air mar EJ. Thosaigh sé féin amach sa chairtíneacht agus bhuaigh sé an chraobh in 1971. Chuaigh sé ar aghaidh ansin go rásanna Fhoirmle a Trí agus Fhoirmle a Dó, ach bhí an radharc agus an mianach sin aige chun an t-ardleibhéal a bhaint amach i bhFoirmle a hAon, agus bhunaigh sé a fhoireann féin – *Eddie Jordan Racing* in 1979. Thosaíodar 250 rás, bhuadar é ceithre bhabhta, 19 bpóidiam, dhá áit pholla agus dhá *lap*[2] is tapúla. Bhí a lán tiománaithe cáiliúla aige thar na blianta chomh maith, ar nós Eddie Irvine, Damon Hill, Johnny Herbert, Ralf Schumacher agus Martin Brundle. Ach an chuimhne is mó atá agamsa ná nuair a thug sé an chéad tiomáint do Michael Schumacher sa *Grand Prix* sa Bheilg.

**Eibhlín Ni Choistealbha**

Ina dhiaidh sin, bhí Jordan ina chraoltóir agus anailísí don *BBC* agus do *Channel 4*, agus fiontraí ab ea é chomh maith. Thug Eddie Jordan le fios anuraidh go raibh ailse phróstataigh air. I ráiteas, dúirt a mhuintir gur imigh sé ar shlí na fírinne ag baile, in Cape Town na hAfraice Theas, ar maidin. Bhí sé sé bliana déag le cois na dtrí scór. Maireann a bhean agus a cheathrar leanaí.

---

[1] buachtaint = leagan canúnach de 'buachan'
[2] lap = cuaird

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *former owner* | *iar-úinéir* |
| *succeeded, managed to* | *d'éirigh le* |
| *fame* | *clú agus cáil* |
| *karting* | *cairtíneacht* |
| *calibre, character* | *mianach* |
| *four times* | *ceithre bhabhta* |
| *the memory* | *an chuimhne* |
| *broadcaster* | *craoltóir* |
| *pundit* | *anailísí* |
| *entrepreneur* | *fiontraí* |
| *prostate cancer* | *ailse phróstataigh* |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. *76 years old.*
4. Féach:

| | |
|---|---|
| *has died* | tar éis bháis |
| *he passed away* | d'imigh sé ar shlí na fírinne |
| *he leaves behind his wife and four children* | maireann a bhean agus a cheathrar leanaí |

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an briathar 'bí' vs. an chopail san aimsir chaite)

Freagraí:

| **Béarla** | **An briathar 'bí'** | **An chopail *Ba*** | **An chopail *ab ea*** |
|---|---|---|---|
| *He was a broadcaster.* | Bhí sé ina chraoltóir. | Ba chraoltóir é. | Craoltóir ab ea é. |
| *He was a pundit.* | Bhí sé ina anailísí. | B'anailísí é. | Anailísí ab ea é. |
| *He was an entrepreneur.* | Bhí sé ina fhiontraí. | B'fhiontraí é. | Fiontraí ab ea é. |
| *She was a teacher.* | Bhí sí ina múinteoir. | Ba mhúinteoir í. | Múinteoir ab ea í. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *She was an actress.* | Bhí sí ina haisteoir. | B'aisteoir í. | Aisteoir ab ea í. |
| *They were waiters.* | Bhí siad ina bhfreastalaithe. | Ba fhreastalaithe iad. | Freastalaithe ab ea iad. |
| *He was a good child.* | Bhí sé ina pháiste maith. | Ba pháiste maith é. | Páiste maith ab ea é. |
| *They were builders.* | Bhí siad ina dtógálaithe. | Ba thógálaithe iad. | Tógálaithe ab ea iad. |
| *She was a student.* | Bhí sí ina mac léinn. | Ba mhac léinn í. | Mac léinn ab ea í. |

### 2: Saibhreas teanga (réamhfhocail chomhshuite + tuiseal ginideach)

a) Freagraí:

le cois **na dtrí scór**
le linn **na tréimhse**
ar fud **an domhain**
i mbun **aicsin**
i mbun **rásaíochta**
ar shlí **na fírinne**

b) Féach:

| | |
|---|---|
| ar feadh | Bhí mé san Iodáil ar feadh míosa anuraidh. |
| i gceann | Beidh mé ag dul go dtí an Iodáil i gceann seachtaine. |
| i rith | Ní bheidh mé thart i rith an tsamhraidh. |
| os comhair | Labhair mé ar feadh deich nóiméad os comhair an ranga. |
| le haghaidh | D'iarr sí orm dul amach le haghaidh dinnéir. |

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar conas comhbhrón a dhéanamh le duine. Seo cúpla nath eile:

Tá mé buartha faoi do thrioblóid / ní maith liom do bhris / is oth liom do bhris – *I'm sorry for your loss*.
Déanaim comhbhrón ó chroí leat – *I sympathise from the bottom of my heart.*
Ar dheis Dé go raibh a anam – *May he be at God's right-hand side.*
Go dtuga Dia dídean na bhflaitheas dó – *God grant him refuge in heaven.*
Go ndéana Dia a mhaith air – *God rest his soul.*
Go ndéana Dia trócaire air – *God rest his soul.*

### 2: Scríobh

Abair leo na nathanna cainte ar fad a phléigh siad faoi Caint a úsáid chun cárta simplí comhbhróin a scríobh. Mar shampla:

A Chonaill, a chara,
Ba mhaith liom comhbhrón ó chroí a dhéanamh leat. Chuala mé inné go bhfuair do sheanathair bás agus bhí an-bhrón orm é sin a chloisteáil. Tá a fhios agam go raibh tú an-mhór leis. Is oth liom do bhris. Laoch mór spóirt a bhí ann agus drochscéal ceart a bhás agus é chomh hóg sin. Bhí sé lán de spiorad agus de chraic. Ba dhuine cliste agus umhal é. B'fhear an-cháiliúil é ach bhíodh sé i gcónaí cairdiúil le gach duine. Fear uasal a bhí ann. Go ndéana Dia trócaire air.
Seán.